Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010

## AISTRIÚCHÁN
## AR SCÉIM MHARCÁLA

# LÉANN CLASAICEACH

## GNÁTHLEIBHÉAL

## NB D'fhéadfadh pointí inghlactha a bheith sna freagraí seachas iad seo a liostaítear thíos.

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

**(i) (a) 35 marc.**

Roghnaíodh Alcaibiaidéas ar dhuine de na ceannairí ar shlua na hAthine don tSluaíocht chun na Sicile. Díreach sula raibh an an loingeas le cur chun seoil, rinneadh scrios ar na Hermai. Tháinig amhras ar Alcaibiaidéas de réir mar a chuaigh an fiosrúchán faoin eachtra sin ar aghaidh agus cuireadh fir chun na Sicile d'fhonn a thabhairt ar ais don Aithin go gcúiseofaí é. Gabhadh é ach d'éirigh leis éaló agus bealach a dhéanamh go Sparta.

**(b) 15 marc.**

Chuir Alcaibiaidéas de chomhairle ar na Spartaigh dún a thógáil in Decelea i gcríocha na hAithine agus é a choinneáil faoi chosaint go seasta. Mhol sé dóibh freisin ginearál cumasach dá gcuid féin a chur ar fáil mar cheannaire ar fhórsaí Shioracúis agus iad ag troid in aghaidh na nAithneach.

**(ii) (a) 35 marc.**

Ba chóir, sna cuntais ar an léigear a chuir arm Sparta agus arm na Téibhe ar bhaile Plataea, go ndéanfaí tráchtadh ar an tairiscint a rinne Archidamus le muintir Plataea go bhféadfaidís a theacht i bpáirt le Sparta nó fanacht neodrach.
Ní fhéadfadh muintir Plataea glacadh leis an tairiscint. Ainneoin roinnt iarrachtaí ag muintir Sparta an baile a ghabháil, níor éirigh leo agus b'éigean dóibh balla léigir a thógáil thart ar an mbaile. Níor éirigh leo ina dhiaidh sin uilig ainneoin an airde a bhí sa bhalla. Ba é an beart a rinne muintir Plataea ag cur ina choinne sin, balla adhmaid a thógáil ar mhullach an bhalla a bhí timpeall an bhaile cheana féin. Cuireadh seithí air mar chosaint. Rinne siad mianach freisin faoin mullóg a raibh muintir Sparta uirthi agus nuair a thochail siad isteach fúithi, níor éirigh leis na Spartaigh tuilleadh airde a chur inti. Rinne muintir Plataea balla eile taobh istigh de bhalla an bhaile freisin. Níor oibrigh trealamh léigir na Spartach ach oiread agus níor éirigh lena n-iarracht an baile a loscadh. Ba é an t-ocras a thug ar mhuintir Plataea géilleadh sa deireadh thiar.

**(b) 15 marc.**

Níor thug na Spartaigh aon chúiseanna foirmeálta in aghaidh mhuintir Plataea. Ní dhearnadh ach fiafraí an ndearna siadsan aon ní a chuideodh le Sparta sa chogadh. Chuir muintir Plataea beirt fhear chun tosaigh a labhródh ar a son. Bhí siad chomh maith chuige sin gur chuir muintir na Téibhe a ladar sa scéal chun brú a

chur ar na Spartaigh agus ba é deireadh a bhí air gur maraíodh an chuid de mhuintir Phlataea a tháinig slán ón léigear.

**(iii) (a) 35 marc.**

Tugann Túicídidéas cuntas mion ar an anachain, ag tosú leis na nithe a ghoill ar cholainn an duine agus a d'fhág marbh iad faoin ochtú lá go hiondúil. Ní raibh aon chóir éifeachtach ar eolas le cur orthu. D'fhulaing go leor anó meabhrach freisin nuair a chaill daoine misneach agus nuair nár chás leo a mbeo. Ghoill an cás ar an gcathair ó thaobh cúrsaí sóisialta freisin agus nuair nár coinníodh ord agus nár cloíodh le riail.

**(b) 15 marc.**

Is iomaí duine ar bhuail an aicíd iad nuair a bhí siad ag tabhairt aire do dhaoine eile. Ba mhinic freisin a bhí siad siúd a chuaigh ar cuairt ag daoine breoite i mbaol galar a tholgadh iad féin. Bhí roinnt daoine ann a mba é an cúrsa oinigh acu cuidiú le daoine eile. Bhí cuid mhór díobh siúd ar tháinig biseach orthu a rinne a ndícheall cuidiú le daoine eile ina dhiaidh sin.

**(iv) 25 marc X 2**

**Nicias (13,12).** Dhá phointe suntais a bhféadfaí an tsíocháin a hainmníodh ina dhiaidh, an ról a d'imir sé ag cur Chléón go Pulas; an pháirt mhór a bhí aige i ngach gné den tSluaíocht chun na Sicile, a thabhairt san áireamh leo.

**Brasadas (13,12)**. Is iad an dá bheart is mó a luaifí le Brasadas an pháirt a bhí aige sa chath i bPulas nuair a tharraing sé cáil air féin ag troid in aghaidh mhuintir na hAthine agus an feachtas in Amphipolis nuair a chuir sé an cath ar shluaite Chléón agus nuair a maraíodh é féin.

**Archidamus (13,12)**. Is díol suntais an óráid fhada a thug sé ag cur fainic gan dul chun cogaidh leis an Aithin chomh maith leis an ionradh rialta a dhéanadh sé ar an Ataic agus an stiúir a bhí aige ar an léigear ar bhaile Plataea.

## Topaic 2. Alastar Mór

**(i) (a) 25 marc.**

Is iad na gnéithe is suntasaí a bhaineann leis an turas seo, go raibh sé chomh fada (400 míle) agus go mba trí ghaineamhlach a tugadh é. Ba mhór an gar gur tháinig báisteach. Ina dhiaidh sin féin, b'ar éigean a d'fhéadfaí bealach a dhéanamh. De réir Airrianas ba dhá nathair a threoraigh an t-arm go dtí an t-oracal agus ar ais abhaile. Dhá phréachán a chuidigh leis an arm de réir leagan eile ar an scéal.

**(b) 15 marc. (8,7)**

Ba mhian leis comhairle a iarraidh ar oracal Shéas-Amonn. Bhí sin déanta ag beirt dá chuid sinsear, Peirséas agus Earcail. Bhí sé den tuairim gur de shliocht Shéas-Amonn é agus bhí rún aige eolas mionchruinn a fháil faoi sin.

**(c) 10 marc.**

Beidh an scrúdaitheoir ag lorg aon chúis amháin agus bunús léi sa téacs. Mar shampla, caitheann sé adharca Amonn; d'éiligh sé ar a chuid fear sléachtadh os a chomhair; thug sé turas an-chontúirteach go Siwah. Ar an taobh eile den scéal, rinne sé tagairtí fondóideacha mar gheall air lena mháthair.

**(ii) (a) 35 marc.**

Is leor inseacht shoiléir cónasctha (nach gá gach mionphointe atá ag Airrianas a lua ann) chun marc ard a ghnóthú. Is pointí tábhachtacha: ólachán trom, míshástacht Chléiteas leis na hathruithe a bhí tugtha isteach ag Alastar (Oirthearachas, ísliú céime don Mhacadónach tar éis cath a bhriseadh ar mhuintir na Macadóine, cead cainte le hAlastar a bheith á shéanadh ar chuid de mhuintir na Macadóine, beag is fiú a bheith a dhéanamh de Philib, athair Alastair, meabhrúchán Chléiteas d'Alastar gur thug sé ón mbás é geábh, marú Chléiteas.

**(b) 15 marc.**

Luigh sé ar an leaba ag caoineachán, gan bhia, gan deoch, ag tabhairt dúnmharfóir air féin. Ní dhearna sé iarracht riamh a áiteamh go raibh an ceart aige sa choir a bhí déanta aige. Lig sé don saoi a áiteamh air nár ghá dósan, ina rí dó, bheith buartha faoi smaointe faoin gceart agus an faoin éagóir.

**(iii) (a) 10 marc.**

Nuair a dhiúltaigh Alastar don chomhairle ó Phairméinión ionsaí a dhéanamh i rith na hoíche, deir sé,"Ní bheidh mise chomh híseal agus go ngoidfinn an bua mar a bheinn i mo ghadaí. Ní mór d'Alastar an namhad a chloí go follasach agus go macánta." Taobh amuigh den chur i gcéill sa chaint ghaisce sin, ba den chéill gan dul i gcontúirt le hionsaí sa dorchadas san áit nach raibh aithne ná eolas aige.

**(b) 30 marc. Dealramh.**

Is cath casta go maith an ceann seo. Níltear ag súil le cuntas ar gach mionphointe ón iarrthóir. Is iad seo a leanas na príomhphointí le tabhairt san áireamh: ranganna an airm ar an dá thaobh; beartaíocht Alastair d'fhonn carbaid speile Dháirias a tharraingt ar an talamh garbh; ionsaí mharcshlua Alastair isteach sa

bhearna a bhí fágtha dá bharr sin; an trioblóid a bhí ag Pairméinión ar thaobh na láimhe clé; cloí fhórsaí na Peirse tar éis dóibh bealach a réabadh tríd.

**(c) 10 marc.**

Nuair a chuir Alastar an cath, fágadh bealach go dtí cathracha móra na himpireachta (Peirsipilis, Súsa agus an Bhabalóin); ba é freisin a chuir deireadh le Dáirias mar Rí na Peirse.

**(iv) 50 marc. Dealramh.**

Tá cead ag an iarrthóir aontú nó easaontú ach ní mór a bheith ábalta cúiseanna a lua leis an bhfhreagra agus tagairt do bhunús leo sa téacs.
Luafaidh an t-iarrthóir, ag aontú dó, an bua iontach a bhí ag Alastar maidir le cúrsaí míleata a lig dó cath i ndiaidh catha a chur agus a thug as an Macadóin go dtí an India é agus ar ais arís go dtí an Bhabalóin. Anuas air sin, tá an chrógacht a bhí ann féin go pearsanta (i ndáil le dún na Mallach mar shampla), an fhéile, an chaoi ar chaith sé leis na mná, na réimsí fairsinge ar chuir sé spéis iontu (fealsúnacht, litríocht, drámaíocht, etc.)
Ar thaobh a cháinte, bhí Alastar cruálach agus díoltasach agus níor lig sé tada le haon duine a chuir ina aghaidh nó a nocht aon ní faoi féin nár mhian leis a bheith le tuiscint (Pairméinión, Piolótas, Callastainéas, Cléiteas gan a lua ach daoine a d'oibrigh go dlúth in éineacht leis). Ní raibh trua ná taise dá laghad ag baint lena chuid iompair i ndáil le roinnt de na cathracha a ghabh sé (An Téibh, Tioras, Gaza). D'fhág a chuid ólacháin go mba mhinic leis dul thar fóir.

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

**(i) 50 marc. (25,25)**

Beidh an scrúdaitheoir ag lorg ar a laghad dhá chúis shuntasach a chuireann Ciceаró ina leith sa sliocht.
Tosaíonn Cicearó trí mhilleán a chur ar Antaine faoi thrí arm de chuid na Róimhe a chailleadh agus faoi scrios an tSeanaid. Ina dhiaidh sin féin, is ar na himeachtaí a tharla ar lá féile Lupercalia a dhíríonn sé. Thairg Antaine coróin faoi thrí an lá sin do Chaesar arna mholadh gur "chóir go mbeadh rí agus flaith sa Róimh." Bhí Antaine nocht ag an am, rud ba mheasa ná sin. Bhí sé ina chuid iompair ag déanamh mar a dhéanfadh sclábhaí.
Leanann sé air go gcuireann sé ina leith go raibh sé ag seachaint na Róimhe agus ag ól le daoine den chosmhuintir.
Cuireann Cicearó i leith a namhaid ar an gcéad rud eile gur thimpeallaigh sé an Seanad le fáinne fear armtha agus é ag cur i gcéill gur mar chosaint dó féin sin. Níl aon bheann ag Antaine ar chúirteanna dlí mar gheall go bhféadann seisean an lámh láidir a oibriú.

**(ii) (a) 35 marc.**

Is féidir leis an iarrthóir tús a chur leis an gcuntas tráth éigin roimh Íodh Márta nó lenar tharla an lá sin féin. Sa chéad chás, d'fhéadfadh go dtabharfaí san áireamh deachtóir a dhéanamh de Chaesar ar feadh a shaoil, Antaine ag tairiscint corónach dó, comhcheilg á suí ag Brútas agus ag Cassius.
Luann Plútarc roinnt tuartha fáistine ag an tráth sin agus d'fhéadfadh an t-iarrthóir iad sin a lua chomh maith.
Tosaíonn imeachtaí an lae féin le Decimus Brútas ag teacht ag an teach ag Caesar agus, i measc rudaí eile, tharla iarrachtaí roinnt daoine fainic a chur ar Chaesar, gabháil Mharcas Antaine agus an tseift d'fhonn teacht i ngaobhar Chaesar. Is féidir roinnt creidiúna a thabhairt as tagairt don fheallmharú féin.

**(b) 15 marc.**

Is féidir leis an iarrthóir freagra a thabhairt trínar tharla díreach i ndiaidh an fheallmharaithe a ríomh nó is féidir leis an iarrthóir tuiscint beagán níos fadtréimhsí a bhaint as "lean(acht) go díreach". Bheadh teitheadh na seanadóirí, achainí lucht na comhcheilge leis na saoránaigh, uacht Chaesar a léamh agus an chíréib ina dhiaidh sin a thug ar na feallmharfóirí dul ag lorg dídin inghlactha mar phointí.

**(iii) (a) 40 marc.**

Baineann Sulpicius triail as roinnt bealaí chun sólás a thabhairt do Chiciearó in am an mhéala. D'áireofai orthu sin:
Tá oiread le fulaingt ag muintir na Róimhe mar gheall ar an iomad tubaiste i ngnóthaí poiblí gur beag is féidir leis an méala sa saol príobháideach a chur d'fharasbarr air. B'fhéidir gur fearr an bás tráth oiread tubaiste agus atá ag tarlú. Dá bpósadh sí agus páistí a bheith aici, cén saol a bheadh rompusan?
Ní fada ó chonaic Sulpicius fothracha chathracha de leithéid na Corainte a bhíodh tréan trath. Fiafraíonn sé cén chúis a bheadh againn le haon bhás amháin a chaoineadh nuair atá oiread tugtha den saol.
Gheobhadh Tullia bás faoi cheann roinnt bheag blianta ar aon nós. Mhair sí go bhfaca sí a hathair á thoghadh go dtí na hoifigí is airde. Cuimhnigh gur tú Cicearó agus go maolóidh an phian le himeacht aimsire. Ní bheadh Tullia ag iarraidh go mbeifeá ró-fhada á caoineadh.

**(iv) An leannán: 25 marc; an cara: 15 marc; an deartháir: 10 marc.**

Tá sé cinn de na dánta atá ar an gcúrsa a bhfuil téama an ghrá leo. Cé nach gá don iarrthóir na dánta sin a ainmniú, ní mór a bheith in ann úsáid a bhaint as cuid acu ar a laghad chun cuntas ar Chatullus mar leannán a chur i dtoll a chéile. Tá sé paiseanta, más gean nó gráin atá i gceist agus, go deimhin, athraíonn sé ó cheann go chéile de na mothúcháin i ndánta de leithéid *Love and Hatred* agus *The Same*. Tá sé tógtha suas go hiomlán le Lesbia de réir cosúlachta agus gan leas aige feasta

as na céadfai in *The Effects of Love*. Ní gnáthleannán seo ach duine nach féidir leis smaoineamh ar aon ní eile ach ar an mbean. Níl sé in ann focal a chur as a bhéal in *Happiness* ach é mar a bheadh sé i saol aislinge agus na súile sáite sa chailín aige. Dán é *A Prayer* le fear atá ar a mhine ghéire ag iarraidh teacht slán ón ngean don bhean nach bhfuil cion aici air. Ó thug sé gean di gan aon ghuaim a choinneáil air féin, tá sé i gcontúirt anois gach ní a chailleadh.

**An cara**: Tá cúig cinn de dhánta ann ina léirítear tréithe Chatullus mar chara. Feictear duine ar mhaith linn mar chara againn féin é: compánach soilbhir réchúiseach a gcaithfeá an aimsir leis le hábhair inspéise (*Evening with Licinius*), a mbeadh gloine fíona agat leis (*Wine*), a thabharfadh sólás duit in am an dóláis (*Consolation* agus *The Same*) nó, i gcás *To Cicero* a léireodh meas ar a raibh bainte amach ag duine.

**An deartháir**: is é an dán cáiliúil *At a Brother's Grave* an t-aon fhianaise ar mhothúcháin Chatullus i leith a dhearthára ach is corraitheach an léiriú é ar an méala agus ar an dúthracht. Ní fhaightear aon eolas faoin gcineál duine a bhí i ndeartháir Chatullus ach faightear léargas ar an easpa mór a airíonn sé. Tá turas fada tugtha aige le hómós a thabhairt ag an uaigh. Tá an méala mór le brath a tháinig de bharr bás roimh an am agus an ghruaim a chuireann an caillteanas seo ar an bhfile nach bhfeictear dó aon chúis leis.

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

**(i) (a) 35 marc.**

Beidh an scrúdaitheoir ag súil le hinsint shoiléir ina luaitear na himeachtaí móra a bhaineann le hábhar. Chuir Tibir Gearmánacas i gceannas ar Impireacht an Oirthir; bhí sé in aighneas le Piso, gobharnóir na Siria; thug sé cuairt don Éigipt gan údarás aige chuige sin; d'fhógair sé Piso amach as an tSiria agus fuair sé bás gairid ina dhiaidh sin.

**(b) 15 marc. (8,7)**

Is é an príomhphointe mar gheall air seo go raibh milleán ag Agrippina ar Thibir faoi bhás Ghearmánacas, a fear céile, agus go mbíodh sí seasta á áiteamh. Bhain Séánas a leas féin as an deighilt eatarthu. Chothaigh sé an t-amhras a bhí go nádúrtha i dTibir ionas gur measa arís a bhí cúrsaí idir an bheirt.

Maidir leis an gcaidreamh idir Tibir agus Gearmánacas, ní foláir don iarrthóir feachtaisí Ghearmánacas sa Ghearmáin a lua, feachtaisí ar shocraigh Tibir deireadh a chur leo tar éis roinnt blianta gan mórán dul chun cinn. D'áitigh Gearmánacas, a bhean chéile agus a chuid cairde gur le teann éada a rinne Tibir sin. Is féidir, os a choinne sin, a lua gur cheap Tibir Gearmánacas ina dhiaidh sin i bpost mórchumhachta i gceannas ar Impireacht an Oirthir.

**(ii) (a) 15 marc (8,7)**

Ba cheart go mbeadh ar chumas an iarrthóra ar a laghad dhá shampla a lua den tsimplíocht sa chaoi a gcaitheadh Ágastas an saol. I measc na réimsí a dtráchtann Séatóinias orthu, tá siad seo a leanas: cúrsaí títhíochta – níorbh mhór le rá a áras cónaithe mar gheall ar fhairsinge ná ar ghalántacht; chodail sé san aon leaba simplí amháin ar feadh dhá scór bliain; ar éigean a bhí a chuid troscáin sách maith ag an ngnáthshaoránach príobháideach. Éadach – chaitheadh sé éadach simplí a dhéanadh a bhean agus a iníon dó. Bia – ní thaitníodh bia daor leis agus b'fhearr leis an bia a d'itheadh an gnáthdhuine. Ól – chleachtadh sé an mheasarthacht den chuid is mó agus is annamh a d'óladh sé ach amháin le linn béile a chaitheamh.

**(b) 35 marc. (18,17)**

Ba chóir plé le dhá éacht suntasach ar a laghad chomh maith leis na cúiseanna ar roghnaíodh na héachtaí sin. Ba é bunú na Prionsáideachta an beart ba thábhachtaí ó cuireadh bonn seasmhach leis sin faoi chúrsa na Róimhe agus na hImpireachta tar éis blianta fada den chíor thuathail de bharr an chogaidh chathartha. D'éirigh leis caidreamh oibre seasmhach a chur ar bun le lucht an tSeanaid.
Is fiú an obair mhór thógála a chuir sé sa siúl a lua, leis an athchóiriúchán ar theampaill agus foirgnimh iontacha nua á dtógáil, mar gheall ar an tionchar a himríodh ar an Róimh ag an am agus le linn na nglúnta ina dhiaidh sin. D'éirigh leis freisin teorainneacha a bhí slán a leagan síos don impireacht agus chuir sé faoi deara go ndéanfaí riarachán cóir éifeachtach ar na cúigí. B'fhéidir go luafadh an t-iarrthóir freisin gur chloígh sé Antaine agus Cléópátra, beart a bhféadfaí a rá faoi gur dá réir a cuireadh bonn treise faoi aontas na hImpireachta.

**(iii) (a) 25 marc. (13,12)**

Beidh an scrúdaitheoir ag súil le dhá chúis inghlactha. Is cinnte go raibh baint ag bás a mhic, Drusus Óg, agus ag bás a mhic altramais, Gearmánachas, lena imeacht. Bhí an doicheall a bhí ag Agrippina, baintreach Ghearmánacas, roimhe i gceist. Rinne Séánas, comhairleoir cliste an mhíghníomha, a dhícheall freisin go bhfágfadh Tibir an Róimh, agus sin le fonn é a ghlanadh as an mbealach go dtabharfadh sé ar mhian leis dó féin i gcrích.
Go ginearálta, d'éirigh Tibir tuirseach den dua a bhain leis an oifig. Is iomaí míthuiscint a tharla idir é féin agus an Seanad agus ní raibh aon ghean ag an ngnáthdhuine air. Duine goillíunach a bhí ann ó nádúr a mbíodh lionn dubh air.

**(b) 25 marc.**

Tugann Séatóinias cuntas gáifeach áibhéileach ar shaol Thibir ar i Capri. Bhíodh sé tugtha, de réir Shéatóinias, do spraoi mór collaíochta le scataí cailíní agus le fir óga. Luann sé ionsaí ar mhná agus ar bhuachaillí, pictiúir ghraosta agus dealbha gáirsiúla.

**(iv) Iúlia, iníon Ágastas: 25 marc.**

Ní mór don iarrthóir tráchtadh a dhéanamh sa fhreagra ar a cuid cleamhnas (ní gá dóibh an t-ainm a bheith ar eolas acu i gcás gach duine den triúr fear céile) agus ar a díbirt mar gheall ar adhaltranas agus ar a bás agus í ar deoraíocht. D'fhéadfaí tráchtadh freisin ar an tógáil dhian a thug a hathair uirthi.

**Quinctilius Varus: 25 marc.**

Níl ann ach eachtra amháin i saol Varus ar gá don iarrthóir eolas a bheith aige air (an scrios a rinneadh ar na trí léigiúin a bhí faoina cheannas i bhForaois Teutoberg). Beifear ag súil le cuntas iomlán go maith ar an tubaiste sin ón iarrthóir.

**Marcas Agrippa: 25 marc.**

Ba cheart go luaifí ar a laghad dhá ní den suntas maidir leis an bpáirt ghníomhach a bhí aige ar feadh i bhfad i dteacht Ágastas (Octáivian) chun cinn agus ina réim; an pháirt a bhí aige i mbriseadh Sextus Pompeius; a chuid ceannaireachta nuair a cuireadh Cath Actiam; an pháirt a bhí aige mar athcheannaire ag Ágastas in atógáil na Róimhe; an pósadh le Iúlia. Bhí sé buanseasmhach daingean ina chuid dílseachta d'Ágastas.

Ní mór don iarrthóir scríobh faoi **dhá cheann ar bith** díobh sin thuas.

## Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

**(i) (a) 40 marc. Dealramh.**

Ba chóir go luafadh an t-iarrthóir na príomhphointí a luann Méidé agus í ag ligean a racht leis an gCór: bíonn orainne mná fear céile a cheannach ar airgead mór agus ár gcolainn féin a ghéilleadh dósan ina dhiaidh sin; níl againn ansin ach ag súil gur fear maith a bheidh ann. Murarb ea, ní féidir linn é a chur uainn ó tharla nach cuibhiúil an rud ag bean colscaradh. Is contúirtí breith linbh ná troid i dtús an chatha agus is mó an gortú an théann leis.

**(b) 10 marc.**

Is é an t-aon phointe amháin den tábhacht gur bean ón iasacht í atá aisti féin i gcathair strainséartha. Tá cathair, baile, daoine muinteartha agus cairde ag mná na Corainte. Níl a dhath de sin aicise.

**(ii) 50 marc. Dealramh.**

Ba cheart go mbeadh ar chumas an iarrthóra réimse fianaise ar thaghd Éideapúis a lua. Sula dtarlaíonn eachtraí an dráma, cloistear go ndeachaigh Éideapús le buile nuair a bhí constaic roimhe san áit ar tháinig trí bhóthar le chéile agus gur mharaigh sé roinnt fear.
Mar chuid d'eachtraí an dráma féin, feictear é ag cailleadh smacht air féin nuair atá Tiresias go diongbháilte ag diúltú labhairt leis. Bagraíonn sé píonós a chur ar an bhfáidh. "Murach cuma na seanaoise chomh mór ort, le lascadh a mhúinfí ceacht duit ..." Síos trí chuid mhór den radharc sin, tá an bhagairt agus an t-ionsaí ina chuid cainte. Is léir an tréith chéanna (murar measa arís é) sa chaoi a dtugann sé faoi Chréón agus é ag bagairt an bháis air. Níos faide amach ná sin, tá sé sásta foréigean a imirt ar an aoire go n-inseoidh sé fírinne uafásach an scéil. Mar shampla scoir, oibríonn sé foréigean uafásach air féin nuair a bhaineann sé an dá shúil as féin.
Is iontach an fear é Éadipús agus is laoch é, ach is rí-thaghdach mar dhuine freisin é.

**(iii) 50 marc.**

Ní foláir don iarrthóir tráchtadh ar an gcaoi a n-oibríonn Méidé a comhairle féin ar gach duine den triúr carachtar fir ach ní gá go bpléifí chomh mion céanna le gach cás acu sin.
Maidir le Iasón, is í an chuid is buntábhachtaí den dráma an dara hagallamh idir Méidé agsu Iasón nuair a chuireann sí i gcéill dó go bhfuil aiféal uirthi faoin ionsaí a rinne sí air níos luaithe, a insíonn sí dó go gcreideann sí anois go bhfuil déanta go maith aige pósadh an athuair agus go bhfuil sí dáiríre agus í ag tabhairt bronntanas don bhean nua aige. Éiríonn léi mar go ndéanann sí plámás leis, gur féidir léi é a mhealladh mar gheall ar a chuid díomais agus go bhfeictear dósan gur fearr na fir ná na mná.

Is í an tseift a oibríonn sí le Créón (a) an éirim atá inti agus an bhagairt a bhaineann léi a cheilt, (b) cion Chréón ar a iníon a chur chun a leasa féin agus (c) athrú a chur ar an achainí atá sí a dhéanamh ó chead fanacht i gCoraint go buan go dtí cead fanacht go deireadh an lae sin. Tuigeann sí freisin gur féidir croí Chréón a bhogadh.

Is furasta di déileáil le hAegeus. Tá an-fhonn airsean clann a bheith air agus geallann sí nithe dó a chuirfidh deireadh leis an seascach. Ceileann sí chomh maith an rud atá i gceist aici dó dáiríre. Leagann sí béim ina áit sin ar chruáil Iasóin ina leith féin agus a cuid leanaí.

**(iv) (a) 35 marc.**

Is leor don iarrthóir eolas a léiriú ar pháirt Jocasta in eachtraí gan aon ghá anailís a dhéanamh ar an ról atá aici ann. Ba chóir go dtráchtfaí ar í a bheith ina máthair

agus ina bean chéile ag Éideapús agus gur chuir sí amach é go bhfaigheadh sé bás nuair a bhí sé ina pháiste. Sa dráma, is í a dhéanann réiteach síochána idir Éideapús agus Créón, a deartháir. Léiríonn sí gur maith agus gur ceanúil an bhean chéile í nuair a dhéanann sí iarracht Éideapus a shuaimhniú agus muinín a thabhairt dó nach bhfuil an ceart ag an oracal. Lena linn sin, áfach, luann sí dúnmharú Laius agus an áit inar tharla sin. Tá ríméad uirthi nuair a thagann scéala as an gCoraint go bhfuil Polybus básaithe ach is gearr go dtuigeann sí fírinne agus uafás an cháis. Déanann sí gach iarracht a thabhairt ar Éideapús éirí as an gcuardach ach nuair a chinneann sin uirthi, deifríonn sí le hí féin a chrochadh.

**(b) 15 marc.**

Is leor cuntas díreach chun marc ard/iomlán a ghnóthú. Níl de dhíth ach aon fhíric amháin - an crochadh.

**Topaic 6. An Eipic Ársa.**

**(i) (a) 10 marc.**

I Leabhar 11, tugann Teiresias rabhadh d'Odaiséas faoi bheithigh Dhia na Gréine. Má dhéantar dochar dóibh ar bhealach ar bith, scriosfar an long agus an fhoireann.

**(b) 30 marc.**

Ní foláir insint shoiléir chónasctha chun marc ard a ghnóthú. Ba chóir go mbeadh mar chuid de an rabhadh a thug Odaiséas dá chuid fear agus iad ag déanamh dá réir an fhaid agus a bhí bia eile ar fáil dóibh. Níor fhéad siad imeacht den oileán mar gheall ar an ngaoth. Ansin, nuair nach raibh Odaiséas i láthair, d'áitigh Eurylochus ar na fir na beithigh a mharú agus a ithe.

**(c) 10 marc.**

Tháinig a raibh á thuar ag Teiresias leis an rabhadh isteach. Bhuail stoirm mhór an long agus maraíodh gach duine d'fhoireann Odaiséas.

**(ii) (a) 40 marc.**

Ní foláir cuntas ina leagtar amach na príomheachtraí a bhain leis an teacht le chéile agus lena chéile a aithint. Tá Odaiséas i mbothán Eumaeus ach é gléasta mar a bheadh fear déirce ann an tráth a dtagann a mhac. Tá a fhios ag Odaiséas gurb é Telemachus atá aige agus cuireann sé tástáil air. Cuirtear Eumaeus chun bealaigh ag iarraidh teachtaireachta agus fágtar an t-athair agus an mac le chéile astu féin. Is ag an tráth sin a ligeann Aitéine d'Odaiséas í a fheiceáil. Deir sí leis

a léiriú dá mhac cé atá aige agus athraíonn sí ar ais é go mbíonn a ghnáthchuma air. Sáraíonn Odaiséas ansin an t-amhras atá ag Telemachus air agus tagann athair agus mac le chéile arís. Is den riachtanas tráchtadh a dhéanamh ar pháirt Aitéine chun lánmharcanna a ghnóthú.

**(b) 10 marc.**

Is féidir leis an iarrthóir tagairt do na mhothú a chuireann Hóiméar san insint atá aige ar a dteacht le chéile le póga, deora agus barróga.

**(iii) (a) 15 marc. (8,7)**

Luaitear roinnt fáthanna i dtús an leabhair. Is féidir dhá cheann ar bith acu sin a thabhairt. Tá an breithiúnas a thug Páras, an gean atá ag Iúpatar ar Ghanaiméideas agus an imní atá uirthi go scriosfar an Chartaig, an chathair is fearr léi.

**(b) 35 marc.**

Beidh an chuid is mó de na marcanna ag dul ar eolas faoin gcaoi ar airigh Aeinéas agus faoina chuid beartaíochta ach ní mór roinnt tráchtaireachta fúthu sin chomh maith. Bíonn tobainne agus treise na stoirme iomarcach aige, caitheann sé uaidh aon iarracht ar threoir ceannaireachta a thabhairt agus titeann i ndúlagar. B'fhearr leis an tráth sin dá mbeadh sé d'ádh air bás a fháil sa Traí.
Ina ainneoin sin, is ceannaire eile ar fad a chuirtear os ár gcomhair nuair a thagann siad i dtír san Afraic tar éis don stoirm lagan. Cuireann sé bia ar fáil do na fir agus déanann sé a dhícheall an t-éadóchas a cheilt agus a misneach a thabhairt dá chuid fear.

**(iv) (a) 25 marc.**

Beidh an scrúdaitheoir ag súil le heolas ar faoi Dhíodó ag tógáil an bhreochairn agus ag cur nithe áirithe air. Chomh maith leis sin, tá an chaoi a gceileann sí a bhfuil de rún aici a dhéanamh ar Anna, a deirfiúr.

**(b) 15 marc. (8,7)**

Is iomaí mionchur síos sa chuntas a chorródh go mór duine: an leaba ar luigh sí féin agus Aeinéas uirthi agus a bhfuil sé roghnaithe anois aici bás a fháil uirthi; claíomh Aeinéas a úsáid chun í féin a mharú; na focla truamhéileacha scoir; saothrú fada fulaingteach an bháis agus an faoiseamh deiridh.

**(c) 10 marc. Aon phointe amháin.**

Cuireann sí de mhallacht ar Aeinéas, sa chás go dtagann sé i dtír, go gcruthóidh sé go huafásach sa chogadh, go ndíbreofar é, go scarfar óna mhac é, go bhfeicfidh sé a chuid cairde ag fáil bháis agus go bhfaighidh sé féin bás gan aon sásamh fada a bhaint as an ríocht. Ba chóir creidmheas a thabhairt don iarrthóir freisin as an naimhdeas a lua a thuarann Díodó a thiocfaidh chun cinn idir sliocht Aeinéas agus a sliocht féin.

**Topaic 7. Scríbhneoirí Ré Ágastas.**

**(i) (a) 40 marc.**

Is leor eolas ginearálta ar phríomhthéamaí na ndánta seo gan gá comhairle faoi leith a chur i leith gach ceann acu.
Is dán an-ghairid *Gather Ye Rosebuds (Bailigí Cocáin Róis)*. Áitíonn Horáit ar Leuconoe gan triail a fháil amach cén ní atá i ndán. Bí críonna. Ól gan srian. Ná bí ag súil le saol fada. Tá an lá inniu agat, ní móide go dtiocfaidh an lá amárach.
Tá foláireamh den chineál céanna á thabhairt in *We all Must Die (Tá an Bás i nDán dúinn uile)*. Ní chuirfidh móide, paidreacha, íobairtí oiread agus soicind síneadh leis an saol. Ní fiú contúirt a sheachaint – tá an bás i ndán dúinn agus fágfar na goirt, na mná agus an talamh inár ndiaidh. Ól an fíon coinnithe anois, ná fág é go gcuireann d'oidhre amú é.
*Cease to Mourn (Stad den Chaoineadh)* – is í an chomhairle a chuirtear anseo ar Valgius gan na laethanta a chaitheamh ag caoineadh seancharad. Is beag atá buan, tagann an ghrian tar éis na stoirme. "Staon a Valgius, staon ón olagón sin agat." Ina áit sin, déan ceiliúradh ar gach bua a bhí ag Ágastar ar fud an domhain.

**(b) 10 marc.**

Is leor cúis amháin ach tagairt do na dánta mar bhonn faoin bhfreagra.

**(ii) (a) 35 marc.**

Ní foláir bonn a chur faoin mbreith a thugtar ar phearsantacht Phroipeirtias trí thagairt do na dánta seo ach ní gá tagairt lom díreach.
Is léir tréithe an phaisin agus na mothúchán ann ó *Cynthia* chomh maith leis an tuiscint atá aige ar an saol a bheith gairid. Is beag nach cinniúnachas atá ann.
Tá tréithe níos éadroime agus acmhainn grinn le sonrú ar *Gone to Clitumnus* chomh maith le cumas fonóid a dhéanamh faoi féin. Tá boige freisin sna focail a deir sé leis an gcailín, chomh maith le tuiscint d'áille an taobh tíre faoin tuath.
*Cynthia is Dead*. Sa dán seo, mheasfaí go bhfuil Proipeirteas ciaptha ag an aon smaoineamh amháin agus gan é in ann codladh ach íomhánna de chorp Cynthia á loscadh ag tine na sochraide ag rith trína cheann.

**(b) 15 marc. Aon phointe amháin.**

Is féidir leis an iarrthóir a áiteamh go raibh nó a áiteamh nach raibh ach ní mór tagairt d'fhianaise as na dánta. Is dócha gurb é tuairim a bheidh ag an gcuid is mó nach raibh sé sona. Tá fianaise le fáil in *Two Requests* ("tusa a rugadh d'fhonn mo ghortú …"), *Gone* (tá an cailín ar thug mé gean di imithe …"), *Cynthia is Dead* agus, ar bhealach amháin, in *Gone to Clitumnus* mar a bhfuil sé in imní go dtiocfaidh Cynthia ar strae.

**(iii) (a) 40 marc. (14,13,13)**

Go ginearálta, deir Veirgil go dtiocfaidh deireadh le Cine an Iarainn agus gur ag Fear an Óir a bheidh an domhan ar fad le hoidhreacht. Tugtar cur síos mion ar bhorradh an dúlra, an toradh ar fad ag eascairt gan leide ón gcéachta. Mairfidh na hainmhithe ar fad, idir lag agus láidir, go socair lena chéile. Sa deireadh, ní bheidh aon trádáil ann, gach críoch ag soláthar de réir a gcás féin. Ní bheidh gá le hoirnéis, tiocfaidh athrú ar olann gan gá dath a chur tríthi,

**(b) 10 marc.**

Is féidir leis an iarrthóir rogha amháin ar bith a lua, tuairim roinnt Críostaithe go raibh Veirgil ag déanamh fáistine faoi Bhreith Chríost nó gur páiste le bean Mharcas Antaine nó le bean Octáivian a bhí i gceist aige.

**(iv) (a) 10 marc.**

Is é an freagra simplí air seo gur d'fhonn go n-áiteodh sé orthu filleadh ar an Róimh agus a gcion a dhéanamh ag cosaint na cathrach. Is inghlactha mar fhreagra freisin a lua gur fear deisbhéalach a bhí in Menenius agus cion ag na gnáthdhaoine air mar dhuine dá gcineál féin.

**(b) 20 marc.**

Ní foláir cuntas díreach soiléir a thabhairt.

**(c) 10 marc.**

Tuigeadh do na pleibigh fírinne an scéil a bhí sé a chur trasna. Chuaigh an chosúlacht díreach lena gcás féin i gcion orthu.

**(d) 10 marc.**

Ba é a bhain leis an gcomhghéilleadh gur thogh na pleibigh giúistisí dá gcuid féin – treabhainn

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

**(i)** **(a)** **10 marc.** An Partanón (5); an Acrapail (5) nó an Aithin (5).

**(b)** **5 marc**. Marmar.

**(c)** **25 marc. (7,6,6,6)**

Ba cheart go mbeadh ar chumas an iarrthóra ar a laghad ceithre ghné a lua (colúin Dóracha, peidiméidí, meatóip, triglifeanna, naos, pronaos, opisthodomus, fríos, stiobáit, steiréabáit.)

**(d)** **10 marc.**

Is í an ghné Iónach is suntasaí an fríos leanúnach taobh istigh den cholúnra.

**(ii)** **(a)** **10 marc**. An Ré Mheánársa = **10**;
An Ré Ársa nó an Ré Ársa Dhéanach = **7**.

**(b)** **30 marc. (10,10,10)**

Beidh an scrúdaitheoir ag lorg trí ghné e.g. súile ata, iarracht de 'mheangadh na hársaíochta', cruth an-tathagach i bhfoirm bloic, gan aon bhéim mhionghnéithe d'fhoirm na mná, foirm stílithe i ndáil leis an ngruaig.

**(c)** **10 marc. Pointe amháin.**

Is dóigh le Richter go bhfuil foirm na mná níos soiléire; tá athrú cinnte ann i dtreo an nádúrachais (i.e. níos mó cruinnis ó thaobh crutha); tá níos mó den chomhréir idir baill na colainne ná mar a bhíodh le linn na Luath-Ré Ársa.

**(iii)** **(a)** **5 marc**. Mórshiúl an Phaintéóin.

**(b)** **15 marc**. Beidh an scrúdaitheoir ag lorg míniú soiléir ar an difríocht eatarth. Ní gá úsáid a bhaint as an fótagraf sa fhreagra a thugtar.

**(c)** **20 marc. (10,10)**

Dhá phointe ar bith bunaithe ar an fótagraf. An dealbhadóireacht iontach atá déanta ar chosa na gcapall agus in ionaid éagsúla, lámh an mharcaigh atá chun deiridh, mar atá an ceann casta ag na capaill.

**(d)** **10 marc**. Bhí sé leis na ceithre thaobh ar an taobh istigh den cholúnra.

**(iv)** **(a)** **10 marc**. Nicé Samatracae = **10**; Nicé = **7**.

**(b)** **20 marc.** An Ré Heilléanaíoch **= 5;** Cúiseanna = **15 (8,7).** D'fhéadfaí a lua ar na cúiseanna, cur i láthair tréan drámatúil, máistreacht iomlán ar chuma an duine faoi ghluaiseacht, snoíodóireacht den scoth ar an éadach, réalachas.

**(c)** **10 marc**. Bua caithréimeach.

**(d)** **10 marc**. Fáth amháin.

**Topaic 9.** **An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shóraitéas agus ar Phlatón.**

**(i)** **(a)** **25 marc.**

Ní foláir don iarrthóir cuntas soiléir a thabhairt ar ghnéithe buntábhachtacha an Mhiotais. Is mian le Sócraitéas go nglacfadh gach duine leis gur aníos as bun na talún a d'eascair siad, go bhfuil an Domhan mar a bheadh máthair acu uile agus gur deartháireacha iad ar fad. Nuair a cheap dia iad, chuir sé ór sa déanamh i ndáil leis na Gardaí, airgead sa déanamh i ndáil leis na Cúntóir agus iarann nó cré-umha i ndáil leis an lucht feirmeoireachta/oibre. Is iondúil gurb é an déanamh céanna a bhaineann le leanaí agus a bhain lena dtuismitheoirí ach is é is príomhfheidhm do na Gardaí cinntiu go dtarlaíonn gluaiseacht idir na haicmí. Rachaidh an stát i léig nuair a bhíonn na Gardaí déanta as airgead nó cré-umha.

**(b)** **10 marc.**

Tá aon phointe amháin de dhíth. Is é a chiallaíonn sé gur saoránaigh aon stát amháin sinn uilig agus nach mór don uile dhuine an ní dá n-oireann sé nó sí a dhéanamh nó nach leanfaidh an stát ar aghaidh.

**(c)** **15 marc.**

Is mian le Sócraitéas go gcreidfeadh na haicmí ar fad sa mhiotas mar go gcuirfeadh sin leis an dílseacht don stát agus dá chéile. Is é croí na cúise i ndáil le slándáil agus rachmas an stáit go gcloífeadh gach duine leis an ní a bhfuil bua agus cumas ann ina leith. Mar a deir sé féin, is é an rud is measa a d'fhéadfadh tarlú go mbeadh na tréithe míchearta sna Rialaitheoirí (Gardaí).

**(ii)** **(a)** **30 marc. (15,15)**

Is é an pointe is mó atá ag Cephalus go mbíonn go leor seanóirí a chaoineann imeacht phléisiúr na hóige ach nach mbeadh seisean ar aon tuairim leo. Is faoiseamh an tseanaois dósan, mar a chéile le Sophocles, ó phaisean de leithéid fonn collaíochta. Ní hí an aois féin atá tábhachtach nuair atáthar sean ach an chaoi ina dtéitear i mbun an tsaoil.

**(b) 20 marc.**

Is é an dara pointe mór aige an luach atá le hairgead agus duine ag teannadh le deireadh an tsaoil. Is dóigh le Cephalus go gcuidíonn saibhreas mar go ligeann sin do dhuine locht nó faillí a chúiteamh trí íoc ar íobairtí nó bearta eile cráifeachta.

**(iii) (a) 20 marc.**

Creideann Sócraitéas go mbeadh saighdiúirí an stáit idéalaigh, mar gheall ar an oiliúint atá orthu agus an modh dian maireachtála a chleachtann siad, in ann chuig saighdiúirí fiú dhá stát níos saibhre. Ní bheidh stáit is saibhre chomh cumasach céanna mar gheall ar shlí maireachtála is boige agus is sócúla.

**(b) 30 marc.**

Tá dhá phríomhghné ag baint leis seo. Is iad an lucht saothair an t-aon dream a gceadaítear dóibh sealbhas a bheith acu. Ina dhiaidh sin féin, éilíonn Sócraitéas nach féidir glacadh leis an ró-shaibhreas ná leis an ró-bhochtaineacht. Áitíonn sé go mbeidh an t-oibrí a éiríonn saibhir díomhaoin agus míchúramach agus nach mbeidh sé chomh maith i mbun ceirde agus a bhíodh.

Ar an taobh eile den scéal, an t-oibrí atá an-bhocht, ní bheidh ar a chumas oirnéis agus riachtanais eile na ceirde a chur ar fáil dó féin. Rachaidh a chuid oibre ar gcúl dá réir sin agus ní bheidh ar a chumas an cheird a mhúineadh dá mhac ná do dhaltaí eile.

**(iv) (a) 35 marc.**

Beidh an scrúdaitheoir ag súil le cuntas cuimsitheach soiléir ar an bhfáthscéal. Déanann an fear san fháthscéal staidéar ar mheon agus ar mhianta an ainmhí d'fhonn fios a bheith aige cén uair agus cén chaoi le déileáil leis. Cuireann sé eolas ar gach gné dá mbaineann leis. Ina ainneoin sin, ní bheadh tuiscint aige ar mheon áirithe a bheith go maith agus fiúntach ná ar mheon eile a bheith go dona agus contúirteach. Chomh fada agus a bhaineann leisean, an ní a shásaíonn an t-ainmhí, tá sin go maith; an ní a chuireann isteach ar an ainmhí, tá sin go dona.

**(b) 15 marc.**

Is cáineadh an-soiléir atá ann ar an daonlathas. Is ionann an t-ainmhí mór agus na sluaite gnáthdhaoine a mbíonn athrú arís agus arís eile ar a meon agus ar a gcuid mianta. Is é an fear a fhreastalaíonn don ainmhí an polaiteoir nach bhfuil ní ar bith nach ndéanfadh sé – ceart nó mícheart, maith nó olc – dá sásófaí na daoine leis a bhfuil sé ag brath ar vóta uathu. Fágann sé an pobal ina mháistir air féin.

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

**(i)** **(a)** **30 marc. (10,10,10)** Ba cheart go mbeadh tagairt mar chuid den fhreagra do na scaenae frons, don oirceastra, don stáitse agus do na suíocháin.

**(b)** **10 marc**. Chuirtí drámaíocht, geamaireacht, ceolchoirmeacha ar siúl chomh maith le seónna gliairí san Oirthear.

**(c)** **10 marc.** Difríochtaí ar bith i ndáil lena leagan amach nó lena húsáid. Dhá dhifríocht ar bith.

**(ii)** **(a)** **5 marc.** Ara Pacis.

**(b)** **5 marc**. Is é Ágastas an t-impire.

**(c)** **15 marc**. Léirítear Ágastas le folach ar a cheann ós eisean atá ar tí íobairt a dhéanamh. Níl suntas faoi leith á dhéanamh de ar aon bhealach eile ná é á thabhairt le tuiscint gur tábhachtaí é ná daoine eile.

**(d)** **25 marc**. **15** i ndáil le héagsúlacht; **10** i ndáil le doimhneacht.
Beidh an scrúdaitheoir ag súil le tráchtadh ar an éagsúlacht agus ar an doimhneacht. Cuireann ionaid éagsúla agus staidiúr na gcarachtar leis an éagsúlacht nuair nach bhfuil siad ar fad ag féachaint sa treo amháin ná na lámha socraithe mar a chéile acu. Cuireann an úsáid as rilíf íseal agus sin i gcodarsnacht le rilíf ard doimhneacht sa saothar.

**(iii)** **(a)** **5 marc**. I bPoimpé.

**(b)** **10 marc**. Mar gheall ar chíréib agus ar bhás roinnt den lucht féachana. Aon phointe amháin.

**(c)** **25 marc. (9,8,8)** Ní mór trí cinn de dhifríochtaí suntasacha sa fhreagra.

**(d)** **10 marc. (5,5)** Comhrac idir gliairí agus comhrac le hainmhithe.

**(iv)** **(a)** **10 marc**. Cath Iseas. Gáigaiméala 8.

**(b)** **10 marc. (5,5)** Alastar agus Dáirias.

**(c)** **15 marc**. Cur síos soiléir lena mbaineann an t-ullmhúchán ar an mbonn agus leagan na tesserae.

**(d)** **15 marc**.
Ní mór don iarrthóir tráchtadh ar "chlampar" agus ar "scanradh" araon agus an freagra á bhunú ar an mósáic leis na fir agus na caiple ag dul trí chéile, an mothú a fheictear sna héadain, an fhoraois sleánna, na dathanna drámatúla.